# *Gadelica*

© Séamas Ó Brógáin, 2007

Leis seo tá cló Gaelach nua darb ainm Gadelica. Cloíonn sé le múnla na gcéad chlónna údaracha Gaelacha ón seachtú haois déag ach amháin gur tugadh na litreacha chun rialtachta, go háirithe na ceannlitreacha, agus gur cuireadh na litreacha breise leis, is é sin na litreacha nach n-úsáidtear de ghnáth i scríobh na Gaeilge.

Cló Opentype is ea é; ba chóir go n-oibreodh sé i gceart ar ríomhairí GNU/Linux, Macintosh agus Windows ach méarchlár oiriúnach a roghnú. Tá an cló ionchódaithe de réir Unicode.

## *Dáileadh*

Tá an cló seo á dháileadh saor in aisce, ceadaítear é a úsáid gan bhac, agus ceadaítear é a dháileadh a thuilleadh. Fanann an cóipcheart, áfach, leis an té a chruthaigh é, agus dáiltear é faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: nach ndéanfaidh tú an cló a athrú ar bhealach ar bith ná a athainmniú; nach dtabharfaidh tú iarracht ar íocaíocht ar bith a fháil air; agus nach dtairgfidh tú é i leith is gur d'obair féin nó obair aon duine eile é seachas an té a chruthaigh é.

## *Nóta pearsanta*

Rinne mé an cló seo toisc go raibh cló Gaelach de dhíth orm agus nach raibh mé sásta (ar chúiseanna éagsúla) le ceann ar bith de na clónna Gaelacha a bhí ar fáil cheana. Rinne mé freisin é in ómós dár sinsir, go háirithe dóibh siúd a streachail leis na chéad chlónna Gaelacha a dhéanamh ach a bhfuil a ndúchas agus a dteanga tréigthe anois.

Go mbaine tú tairbhe agus taitneamh as.

Séamas Ó Brógáin
Baile an Diosualaigh

Co. Bhaile Átha Cliath

Nótaí leasaithe 13 Iúil 2015

## *Iarfhocal*

Fuair Séamas Ó Brógáin bás ar an 22 Eanáir 2024.